

Tuarascáil Bhliantúil  
Cuid 2

**HRB**  
Health  
Research  
Board

2018

Rialachas Corparáideach agus Ráitis Airgeadais

—  
Taighde.  
Fianaise.  
Gníomh.

**Arna fhoilsiú ag:**

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2019

ISSN: 0791 220X

**Is féidir cóipeanna den**

**tuarascáil seo a fháil ó:**

An Bord Taighde Sláinte

Teach Grattan

67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 H638

Éire

t 353 1 234 5000

f 353 1 661 2335

r hrb@hrb.ie

sg [www.hrb.ie](http://www.hrb.ie)

# Clár na nÁbhar

Comhaltaí an bhoird 2018	2
Ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird	4
Fógraí reachtúla agus eile	12
Ráitis airgeadais 2018	24

# 1



# Comhaltáí an Bhoird 2018



***Clé go Deas***

An tOllamh Jane Grimson, an Dr Barry Cullen,  
an tOllamh Tom Fahey

An tOllamh Bernadette Hannigan, an Dr Mairead  
Harding, an tUasal John McCormack,

An tOllamh William Molloy, an tOllamh Charles  
Normand, an Dr Marion Rowland

An Dr Susan Steele

# 2



## **Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird**

# Rialachas

---

Bunaíodh an Bord Taighde Sláinte (BTS) faoin Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986), arna leasú.

Tá feidhmeanna an BTS leagtha amach in Alt 4 den ionstraim reachtúil sin. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann sé an tasc sin ach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhshaincheist.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an Fhoireann Feidhmiúcháin freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil an BTS. Is gá don POF agus don Fhoireann Feidhmiúcháin an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus is gá dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na gníomhaíochtaí agus na cinntí lárnacha a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an BTS.

# Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais an BTS, agus áirítear leis sin freisin na ceisteanna ar gá don Bhord go sonrach cinneadh a dhéanamh ina leith. Seo a leanas cuid de na saincheisteanna a bhíonn á bplé ag an mBord:

- Dearbhú leasanna
- Gairmeacha nua ar scéimeanna dámhachtana taighde
- Faomhadh moltaí ó phainéil roghnúcháin maidir le dámhachtainí
- Athbhreithniú ar mhórdámhachtainí
- Athbhreithniú ar fhoilseacháin staitistiúla agus ar fhianaise
- Athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm straitéisí
- Tuarascálacha ó choistí.

Éilíonn Alt 27 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986), arna leasú, ar Bhord an BTS cuntas a choinneáil mar is ceart agus iondúil, in aon fhoirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Sláinte, faoi réir cead a bheith faighte ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar Bhord an BTS:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfar ar aghaidh le feidhmiú an BTS, agus

- A rá cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna bhfógairt agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá de fhreagracht ar an mBord taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn ag aon uair, a staid airgeadais, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 27 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986), arna leasú. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an BTS.

Tá freagracht ar an mBord as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an BTS trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil ag cruinniú an Bhoird ar an 15 Feabhra 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an BTS amhail ar an 31 Nollaig 2018.



# Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus naonúr gnáthchomhaltaí ar an mBord, a gceapann an tAire Sláinte iad ar fad. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus casann siad le chéile tuairim is seacht n-uaire gach bliain. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse do chomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
An tOllamh Jane Grimson	Cathaoirleach	5 Samhain 2015
An Dr Barry Cullen	Gnáthchomhalta	26 Bealtaine 2014
An tOllamh Tom Fahey	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018
An tOllamh Bernadette Hannigan	Gnáthchomhalta	5 Samhain 2015
An Dr Mairead Harding	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018
An tUas. John McCormack	Gnáthchomhalta	12 Meitheamh 2015
An tOllamh William Molloy	Gnáthchomhalta	26 Bealtaine 2014
An tOllamh Charles Normand	Gnáthchomhalta	5 Samhain 2015
An Dr Marion Rowland	Gnáthchomhalta	12 Meitheamh 2015
An Dr Susan Steele	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018

## Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca**, a raibh cúigear comhaltaí Boird air i rith 2018. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus go foirmiúil, i scríbhinn, gach bliain.

Ba iad comhaltaí an Choiste i rith 2018 ná an tOllamh Charles Normand (Cathaoirleach); an Dr Barry Cullen; an tOllamh Jane Grimson; an Dr Mairead Harding; an Dr Susan Steele. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca i rith 2018.

- An Coiste um Fhorbairt agus Luach Saothair Bainistíochta** Is é ról an Choiste um Fhorbairt agus Luach Saothair Bainistíochta ná earcú, roghnú, luach saothair agus measúnú feidhmíochta an POF a mhaoirsiú. Feidhmíonn an Coiste freisin mar ghrúpa sainchomhairleoireachta don POF i ndáil le feidhmíocht agus forbairt na Foirne Feidhmiúcháin a athbhreithniú agus i ndáil le comharbas bainistíochta san eagraíocht a phleanáil.

Ba iad comhaltaí an Choiste um Fhorbairt agus Luach Saothair Bainistíochta i rith 2018 ná an tOllamh Jane Grimson (Cathaoirleach); an tOllamh Tom Fahey; an tOllamh Bernadette Hannigan; an tOllamh William Molloy, an tUas. John McCormack; an Dr Marion Rowland. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste i rith 2018.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ag na cruinnithe Boird, Coiste Iniúchta agus Riosca, agus Coiste um Fhorbairt agus Luach Saothair Bainistíochta don bhliain 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	Bord	Coiste Iniúchta & Riosca	Coiste Forbartha Bainistíochta & Luacha Saothair	Táillí 2018 €	Speansais 2018 €
<b>Líon na gCruinnithe</b>	<b>7</b>	<b>4</b>	<b>2</b>		
An tOllamh Jane Grimson	7	4	2	€11,730	-
An Dr Barry Cullen	7	4	-	-	-
An tOllamh Tom Fahey	7	-	1	-	-
An tOllamh Bernadette Hannigan	7	-	2	€7,695	€906
An Dr Mairead Harding	6	4	-	-	€717
An tUas. John McCormack	6	-	2	€7,695	-
An tOllamh William Molloy	6	-	1	-	€599
An tOllamh Charles Normand	6	4	-	-	-
An Dr Marion Rowland	6	-	1	-	-
An Dr Susan Steele	5	4	-	-	-

## **Príomhathruithe pearsanra**

Ar an 12 Nollaig 2017, chuaigh triúr comhaltaí den Bhord ar scor as oifig de réir oird. Ar an 18 Eanáir 2018, cheap an tAire Sláinte an tOllamh Tom Fahey, an Dr Mairead Harding agus an Dr Susan Steele ar an mBord. Ceapadh an tOllamh Jane Grimson ina Cathaoirleach ar an 5 Feabhra 2018.

Ceapadh an Dr Darrin Morrissey ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 23 Iúil 2018. Thug an Dr Mairead O'Driscoll faoi ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach i rith na tréimhse ón 10 Márta 2017 go dtí an 23 Iúil 2018. Ceapadh an tUas. Martin Morgan ina Stiúrthóir ar Oibríochtaí Corparáide ar an 1 Aibreán 2018.

# Fógairt a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá freagracht ar an mBord as a chinntiú go gcomhlíonann an BTS riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an fhógairt seo a leanas faoin gCód.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Raon		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2018	2017
€60,000	- €69,999	9	6
€70,000	- €79,999	1	11
€80,000	- €89,999	9	2
€90,000	- €99,999	5	5
€100,000	- €109,999	2	3
€130,000	- €139,999	1	0

## Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna gnó mar is gnách seachtracha.

	2018	2017
	€	€
Comhairle dlí	59,843	34,321
Comhairle airgeadais	9,653	9,163
Acmhainní daonna	22,342	48,423
Feabhsú gnó – cur i bhfeidhm RGCS	-	22,933
Feabhsú gnó – claonadh neamh-chomhfhiosach	3,070	37,335
Eile	2,915	6,616
<b>Costais chomhairleachta iomlána</b>	<b>97,823</b>	158,791
Costais chomhairliúcháin a ghearrtar ar an loncam agus Caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coimeádta	97,823	158,791
<b>Iomlán</b>	<b>97,823</b>	158,791

## Costais Dí agus Socraíochtaí

Níor thabhaigh an Bord Taighde Sláinte aon chaiteachas i rith 2018 nó 2017 i ndáil le costais dí, socraíochtaí agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Nochtar caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dí ghinearálta a fuair an BTS sna costais chomhairleachta.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá an caiteachas maidir le taisteal agus cothú rangaithe mar seo a leanas	2018 €	2017 €
Baile		
Bord*	3,309	2,911
Fostaithe	17,705	24,879
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	-
- Fostaithe	42,087	52,213
<b>Iomlán</b>	<b>63,101</b>	<b>80,003</b>


\*lena n-áirítear taisteal agus cothú €2,222 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2018 (2017: €1,737). Baineann an t-iarmhéid €1,087 (2017: €1,174) le caiteachas a d'íoc an BTS thar ceann comhaltaí Boird.

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas le haghaidh baill foirne, comhaltaí Boird agus painéil roghnaithe agus athbhreithnithe: €29,514 (2017: €26,303)

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Bhí an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh go hiomlán ag an BTS in 2018.



An tOllamh Jane Grimson  
Cathaoirleach  
26 Meán Fómhair 2019

# 3



## Fógraí Reachtúla agus Eile

## **Fógairt Leasa**

De réir Alt 13 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (IR Uimh. 279 de 1986), arna leasú, éilítear ar chomhaltaí Boird an BTS, comhaltaí coistí, comhaltaí painéal roghnaithe/measúnaithe dámhachtainí, agus baill foirne an BTS, aon leasanna airgeadais nó leasanna tairbhiúla eile in aon cheist, nó a bhaineann le haon cheist, a chuirtear ar a shúile don BTS a nochtadh, agus iad féin a eisiamh dá réir ón bpróiseas cinnteoireachta.

## **Comhaltaí Boird – Clár Leasa**

Feidhmíonn an Bord de réir an dea-chleachtais ó thaobh na bprionsabal rialachais chorparáide de, agus de réir na dtreoirlínte arna leagan amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Déanann comhaltaí an BTS a leasanna a chlárú leis an Rúnaí.

## **Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001**

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, tá ráiteas leasa curtha ar fáil ag gach comhalta agus ball foirne den BTS a bhfuil ról ainmnithe aige.

## **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014**

In 2018, fuair an BTS trí iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Ceadáíodh na hiarratais uile sin.

## **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Comhlíonann an BTS a dhualgais faoin Acht seo.

## **Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015**

Tá an BTS tiomanta do pholasaí comhdheiseanna, agus déantar dícheall chun cion tairbhe aonair a spreagadh agus difríochtaí a mheas. Tá an BTS tiomanta a chinntiú nach mbeidh cóir is lú fabhar i gceist i gcás aon bhaill foirne nó iarrthóir ar fhostaíocht, le hais aon duine, ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas clainne, claonadh gnéis, creidimh, aoise, míchumais, cine, a bheith mar bhall den Lucht Taistil, ná ar aon bhonn eile nach bhfuil baint aige leis an dea-chleachtas fostaíochta.

## **An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010**

Cuireann an BTS bearta cuí i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus gach cuairteora ina chuid oifigí a chosaint.

## **An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014**

Níor cuireadh aon nochtuithe cosanta faoi bhráid an BTS in 2018.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Taighde Sláinte, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidmiú. Áirítear leis an bhfreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun deireadh a chur leis. Ar an ábhar sin, níl ar chumas an chórais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhard Taighde Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

## Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an mBord Taighde Sláinte, ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird, agus duine díobh sin ina Chathaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huairte i rith 2018. Chuaigh comhalta seachtrach, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta aige, i mbun oifige ag cruinniú an Choiste ar an 29 Márta 2019.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach bunaithe ag an mBord Taighde Sláinte freisin. Tá acmhainní leordhóthanach aici agus tugtar faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR fúithi.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ina leagtar amach na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear ról agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Táthar tar éis an polasaí sin a eisiúint chuig na baill foirne uile atá ceaptha chun oibriú laistigh de pholasaithe um bainistiú riosca an Bhoird Taighde Sláinte, le go mbeidís in ann an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laig a rialú, agus a bheith freagrach as rioscaí agus rialúcháin laistigh dá réimsí oibre féin.

## An Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe a dtugtar fúthu chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, más féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an mBord Taighde Sláinte agus tá siad sin aitheanta agus measta agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gclár ag gach cruinniú. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Tugann an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialúcháin agus gníomhartha is gá leo chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú rialúcháin arna sannadh ar bhail foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- tá na nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó taifeadta,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach i bhfeidhm,
- tá córas buiséadaithe cuí ann agus buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta shinsearach,



- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialúcháin ann maidir le maoiniú deontas a thugtar do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn rialúchán leordhóthanach ar cheadú deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar fhaighteoírí deontas lena chinntiú go n-úsáidtear maoiniú deontais chun na críche atá beartaithe.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialúcháin agus cuirtear easnaimh rialúcháin in iúl do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha sin, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis na príomhríoscaí agus na rialúcháin bhainteacha a shainaithe, agus próisis a chur i bhfeidhm chun feidhmiú na rialúchán lárnach sin a mhonatóiriú agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a shainaitheáir.
- Tá socruithe maidir le tuairisciú curtha i bhfeidhm ag na leibhéil uile ar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta, agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil, agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséad/réamhaisnéisí.

### **Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chloígh an Bord Taighde Sláinte leis na nósanna imeachta sin i rith 2018.

### **Athbhreithniú ar Éifeachtacht**


Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialúcháin. Tugtar faisnéis chúlra do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú an Bhoird Taighde Sláinte ar éifeachtacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánaigh le hobair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre. Tá lucht bainistíochta sinsearach an Bhoird Taighde Sláinte freagrach as an gcreat rialúcháin airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach le haghaidh 2018.

## Saincheisteanna maidir le rialúchán inmheánach

Soláthar maoinithe deontais: Bíonn ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) cead a thabhairt roimh ré chun maoiniú a chur ar fáil don fhaighteoir deontais sula dtabhaítear caiteachas. Ní raibh aon cheadú i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte le haghaidh 2018. Tá an Bord Taighde Sláinte ag obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte chun comhlíonadh a chinntiú amach anseo.

Níor aithníodh aon laigí eile maidir le rialú inmheánach i ndáil le 2018 nach mór a fhógairt sna ráitis airgeadais.



**An tOllamh Jane Grimson**  
**Cathaoirleach**  
**26 Meán Fómhair 2019**



## Tuarascáil le cur faoi bhráid Bhord Taighde Sláinte Thithe an Oireachtais

### Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018, mar is gá faoi fhorálacha alt 5 den Acht Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus atá comhdhéanta de

- ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitil
- ráiteas faoin staid airgeadais reatha
- ráiteas faoin sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe cuntasáochta suntasacha.

Is é mo thuairim, seachas neamh-chomhlíonadh riachtanas FRS 102 i ndáil leis na teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte amhail ar an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2018 de réir FRS 102.

### Bunús le tuairim cháilithe

D'fhonn treoracha an Aire Sláinte a chomhlíonadh, ní thugann an Bord Taighde Sláinte cuntas i gcostais teidlíochtaí sochair scoir go dtí go mbíonn siad infíoctha. Ní chomhlíonann sin FRS 102, ina n-éilítear go n-aithneodh na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhráithe amhail ar an dáta tuairiscithe. Níor measadh éifeacht

an neamh-chomhlíonta ar ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte le haghaidh 2018.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CIIInna) mar a fheidhmítear ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá tuairisc ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ón mBord Taighde Sláinte agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuair mé agus gur cuí í chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Taighde Sláinte in éineacht leis na ráitis airgeadais. Áirítear léi sin an tuarascáil bhliantúil, a chuimsíonn an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas um rialú inmheánach. Mionsonraítear san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin agus ar nithe eile a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis sin.

**Andrew Harkness**  
Le haghaidh agus thar ceann an  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
30 Meán Fómhair 2019

# Aguisíní

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm arna leagan amach faoi alt 21 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fórcheart de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú ar cibé an cuí bunús cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh, agus
- pé rialú inmheánach a mheasann siad is gá lenar féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaouis nó earráid é.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá de cheanglas orm faoi alt 5 den Acht Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnach a fháil faoi cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní cinnteacht é go mbraithfear i gcónaí mírialtacht ábhartha, más ann di, in iniúchadh arna chur i bhfeidhm de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Cllna). Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha iad sa chás, go haonair nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dtógfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchóireacht de réir na Cllna, bíonn breithiúnas gairmiúil á úsáid agam agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith na hiniúchóireachta. Agus a leithéid á dhéanamh,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar gheall ar chalaouis nó earráid é; dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a bhíonn sofhreagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Is airde an riosca nach n-aimseofaí míráiteas ábhartha a tharlaíonn de bharr calaoise ná ceann a tharlaíonn de bharr earráide, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonphárteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dheardh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nochtá ghaolmhair.
- Tagaim ar thátal maidir le hoiriúnacht an ghnóthais leantaigh a úsáid mar bhunús cuntasaióchta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, ar cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i ndáil le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Taighde Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é tátal m'iniúchóireachta go bhfuil mírialtacht ábhartha i gceist, is gá dom aird a dhíriú i mo thuairisc ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin leordhóthanach, mo

thuairim a athrú. Bunaítear mo thátail ar an bhfianaise iniúchta a fhaighim suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh an toradh a bheith le himeachtaí nó cúinsí sa todhchaí go scorfadh an Bord Taighde Sláinte de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cibé an ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar na hidirbhearta agus ar na himeachtaí bunaidh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.
- Déanaim cumarsáid leis na daoine atá i gceannas ar rialachas maidir leis, i measc nithe eile, an raon feidhme agus uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus le torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním i rith m'iniúchta.

### **Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál dearbhaithe ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceanglas orm faoi na CIlInna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, ach sin a dhéanamh, breithniú a thabhairt ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas i rith an iniúchta, nó má dhealraítear go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil mírialtacht ábhartha san fhaisnéis eile sin, dar liom, is gá dom an méid sin a thuairisciú.

### **Tuairisciú ar nithe eile**

Cuirim m'iniúcháireacht i bhfeidhm trí thagairt do na coinníollacha ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

I rith na hiniúcháireachta, féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má tá cás ábhartha ann nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí ceaptha lena aghaidh, nó más amhlaidh a bhí idirbhearta ann nár chomhlíon na húdaráis a bhí á rialú.

Déanaim tuairisciú trí eisceacht má cheapaim go bhfuil an méid seo a leanas i gceist:

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh na taifead cuntasáíochta dóthanach le hiniúchadh na ráitis airgeadais a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

# 4




# Ráitis Airgeadais 2018

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
<b>IONCAM</b>			
Deontas Ioncaim ón Roinn Sláinte (Vóta 38 B.1)		35,714,579	33,909,291
Maoiniú Taighde Eile	2	2,432,802	2,791,875
Ús Infhaighte		-	213
Ioncam eile		2,455	1,842
		<b>38,149,836</b>	<b>36,703,221</b>
<b>CAITEACHAS</b>			
Déileáil le dúshláin mhóra sláinte	3	9,052,132	8,917,317
Tacú le hidirghabhálacha cúraim sláinte	4	6,561,464	7,680,246
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann	5	11,793,709	11,119,373
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla	6	4,387,872	3,613,115
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú	7	2,887,813	2,453,711
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú	8	3,270,095	3,099,742
	9	<b>37,953,085</b>	<b>36,883,504</b>
<b>BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN</b>		<b>196,751</b>	<b>(180,283)</b>
Cúlchiste Ioncaim ar 1 Eanáir		<b>(640,483)</b>	<b>(460,200)</b>
<b>CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG</b>		<b>(443,732)</b>	<b>(640,483)</b>

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais ag an mBord seachas na cinn a ndéileáiltear leo sna ráitis ioncaim agus chaipitil ar ioncam agus caiteachas. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 30.



An tOllamh Jane Grimson  
Cathaoirleach  
26 Meán Fómhair 2019




An tOllamh Charles Normand  
Comhalta Boird

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
<b>IONCAM</b>			
Deontas Caipitiúil an Roinn Sláinte (Vóta 38 B.1)		10,098,789	10,070,279
Amúchadh an chuntais ciste chaipitiúil		165,953	166,184
		<b>10,264,742</b>	10,236,463
<b>CAITEACHAS</b>			
Tacú le hidirghabhálacha cúraim sláinte	14	3,069,170	3,480,889
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann	15	1,282,213	1,420,000
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla	16	4,162,650	4,248,030
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú	17	1,492,029	804,996
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú	18	66,565	95,269
Breiseanna le sócmhainní seasta		26,162	21,095
Dímheas	19	166,051	166,184
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		(98)	-
		<b>10,264,742</b>	10,236,463
<b>BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN</b>		-	-

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 30.



An tOllamh Jane Grimson  
Cathaoirleach  
26 Meán Fómhair 2019



An tOllamh Charles Normand  
Comhalta Boird



# Ráiteas faoin Staid Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Réadmhaoin, Fearas & Trealamh	19	257,764	395,200
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Infháltais	20	894,276	1,145,739
Infheistíochtaí	21	641	641
Airgead sa bhanc agus ar láimh		381,939	907,183
		<b>1,276,856</b>	<b>2,053,563</b>
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:			
Suimeanna Iníochta	22	1,305,101	2,064,810
		<b>1,305,101</b>	<b>2,064,810</b>
<b>GLAN-(DLITEANAIS)/SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		<b>(28,245)</b>	<b>(11,247)</b>
<b>DLITEANAIS FADTÉARMACHA</b>			
Méideanna dlite tar éis bliana amháin:			
Suimeanna Iníochta	23	415,389	629,236
		<b>415,389</b>	<b>629,236</b>
<b>IOMLÁN NA NGLAN-SÓCMHAINNÍ</b>		<b>(185,870)</b>	<b>(245,283)</b>
<b>A SHEASANN DO</b>			
Chúlchistí Ioncaim Coimeádta		(443,732)	(640,483)
Cúlchiste Caipitil	24	257,862	395,200
		<b>(185,870)</b>	<b>(245,283)</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 30.

*Jane B. Grimson*

An tOllamh Jane Grimson  
Cathaoirleach  
26 Meán Fómhair 2019

*C.A. Normand*

An tOllamh Charles Normand  
Comhalta Boird

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍÚCHÁIN</b>			
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		196,751	(180,283)
Coigeartú ar an bhfigiúir easnaimh le haghaidh dímheasa		166,051	166,184
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltis		251,463	(484,652)
Méadú/(Laghdú) ar nithe Iníoctha		(973,556)	(177,184)
Méadú/(Laghdú) ar Shócmhainní Seasta		(166,051)	(166,184)
Méid Leithdháilte chun Breiseanna Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú		28,713	34,203
Ús Bainc Faighte		-	(2,055)
<b>GLAN-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍÚCHÁIN</b>		<b>(496,629)</b>	<b>(809,972)</b>
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>			
Méid Leithdháilte chun Breiseanna Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú		(28,615)	(34,203)
<b>GLAN-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		<b>(28,615)</b>	<b>(34,203)</b>
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINIÚCHÁIN</b>			
Ús Bainc Faighte		-	2,055
<b>GLAN-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINIÚCHÁIN</b>		<b>-</b>	<b>2,055</b>
<b>LAGHDÚ GLAN AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID</b>		<b>(525,244)</b>	<b>(842,120)</b>
<b>RÉITEACH AIRGID THIRIM AGUS CHOIBHÉISÍ AIRGID THIRIM TOSAIGH GO DEIRIDH</b>			
Airgead tirim sa bhanc amhail an 1 Eanáir		907,183	1,749,303
Airgead tirim sa bhanc amhail an 31 Nollaig		381,939	907,183
<b>GLUAISEACHT AIRGID THIRIM DON BHLIAIN</b>	<b>25</b>	<b>(525,244)</b>	<b>(842,120)</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an Bord Taighde Sláinte. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

### a. Eolas Ginearálta

Bhunaigh an tAire Sláinte, agus na cumhachtaí a tugadh dó le hAlt 3 den Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe) 1961 (Uimh. 279 de 1961) á n-úsáid aige, an Bord Taighde Sláinte faoi Ordú Bunaithe in 1986.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Bhoird Taighde Sláinte, arna leagan amach i gcuid a ceathair dá Ionstraim Reachtúil:

- taighde sláinte a spreagadh, cuidiú leis, é a choimisiúnú nó a stiúradh chun sláinte a fheabhsú agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a mhéadú;
- córais faisnéise sláinte a chothabháil, a fhorbairt nó tacú leo chun críocha taighde agus an fhianaise a sholáthar le haghaidh polasaí agus seirbhísí sláinte;
- teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí eile taighde sa Stát agus lasmuigh den Stát maidir le taighde bainteach a chur chun cinn, a choimisiúnú nó a dhéanamh;
- obair i gcomhar le comhlachtaí eile um fhaisnéis sláinte sa Stát, agus áit ar cuí, lasmuigh den Stát, chun córais faisnéise sláinte a fhorbairt agus tacú leo.

### b. Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

### c. Bunús an Ullmhúcháin

